Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13388/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0305 (NLE)**

**AGRI 454**
**FAO 45**
**ENV 911**
**RGA 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 564 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhlacht Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a mhéid a bhaineann le tograí áirithe arna gcur isteach lena nglacadh le linn an 11ú seisiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 564 final.

Faoi iamh: COM(2025) 564 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2025
COM(2025) 564 final

2025/0305 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhlacht Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a mhéid a bhaineann le tograí áirithe arna gcur isteach lena nglacadh le linn an 11ú seisiún

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is togra é seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil leis an leasú ar an gConradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (ITPGRFA) – ‘an Conradh’- ag an 11ú seisiún den Chomhlacht Rialaithe den Chonradh a bheidh ar siúl ón 24 Samhain go dtí an 29 Samhain 2025.

Tháinig an Conradh i bhfeidhm in 2004. Is é is aidhm dó slándáil bia a ráthú trí chaomhnú, malartú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha plandaí an domhain do bhia agus don talmhaíocht, chomh maith le comhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as a n-úsáid. Is é an Comhlacht Rialaithe an t-orgán is airde sa Chonradh. Tá sé comhdhéanta de na Páirtithe Conarthacha uile sa Chonradh. Tá an tAontas agus gach Ballstát de ina bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh. Tá sé de cheart ag Comhlacht Rialaithe an Chonartha leasuithe ar an gConradh agus ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis a ghlacadh. Tiocfaidh na leasuithe sin i bhfeidhm tar éis do dhá thrian de na Páirtithe Conarthacha iad a dhaingniú, glacadh leo nó iad a fhormheas.

Faoin gConradh, bunaíodh Córas Iltaobhach maidir le rochtain agus comhroinnt tairbhí le haghaidh 64 cinn de na barra bia agus foráiste is tábhachtaí atá riachtanach don tslándáil bia agus don idirspleáchas (a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh). Rialaítear malartú acmhainní géiniteacha plandaí le Comhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar , lena sainítear cearta agus oibleagáidí sholáthraí agus fhaighteoir an ábhair. Bunaíodh Ciste um Chomhroinnt Tairbhí mar shásra chun na hacmhainní airgeadais a fhabhraíonn ón gCóras Iltaobhach a fháil agus a úsáid chun tionscadail i dtíortha i mbéal forbartha a mhaoiniú.

Tá caibidlíocht fós ar siúl i gcreat an Chonartha ó bhí 2013 ann maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCóras Iltaobhach, d’fhonn sreabhadh ioncaim úsáideoir-bhunaithe chuig an gCiste um Chomhroinnt Tairbhí a mhéadú. Tá an chaibidlíocht curtha chun cinn ag an ‘Meitheal Oscailte *Ad Hoc* chun Feidhmiú an Chórais Iltaobhaigh a Fheabhsú’ arna bhunú ag an gComhlacht Rialaithe in 2013. Cuireadh síneadh lena shainordú in 2015 agus in 2017, agus athbhunaíodh é in 2022. Reáchtáladh a 14ú cruinniú, arb é a chruinniú deireanach é, idir an 7-11 Iúil 2025. Mar thoradh ar a chuid oibre, rinneadh pacáiste beart a mheas lena ghlacadh ag an 11ú seisiún den Chomhlacht Rialaithe i mí na Samhna 2025. Áirítear leis an bpacáiste an méid seo a leanas:

1. Síneadh a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh, d’fhonn níos mó acmhainní géiniteacha plandaí a chur ar fáil laistigh den Chóras Iltaobhach.
2. An t-athbhreithniú ar an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, agus é mar chuspóir leis a théarmaí a dhéanamh níos éifeachtaí, agus cothromaíocht leasanna soláthraithe agus faighteoirí acmhainní géiniteacha plandaí á n-urramú an tráth céanna.
3. Rún atá le gabháil leis an leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh agus leis an athbhreithniú ar an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar na hionchais maidir le comhroinnt tairbhí airgeadaíochta ó úsáid ‘faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha’. Ní chumhdaítear coincheap na Faisnéise faoi Sheichimh Dhigiteacha (i.e. seichimh ghéanóm

plandaí a bhféadfadh saintréithe nó tréithe éagsúla a bheith i gceist leo, agus atá ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile mar uirlisí taighde agus pórúcháin) faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Chaighdeánaigh maidir le hAistriú Ábhar toisc go bhfuil pléití ar siúl maidir le céard go díreach a chumhdaítear leis. Tá deacracht ann, mar shampla, a thionscnamh nó a rannchuidiú le táirge nua a rianú agus, dá bhrí sin, an leas atá le baint óna úsáid a ríomh.

D'fhéadfadh sé go gcuirfear an chaibidlíocht sin i gcrích ag an 11ú seisiún den Chomhlacht Rialaithe a bheidh ar siúl i mí na Samhna 2025. Leagtar amach sa Chinneadh seo seasamh an Aontais i ndáil le síneadh a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh agus leis an athbhreithniú ar an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar.

Is é seasamh an Aontais síneadh a chur le hIarscríbhinn I a mhéid is féidir agus gur cheart gnéithe eile den phacáiste a bheith coinníollach ar an síneadh sin. Bheadh éifeachtaí dlíthiúla ag leathnú Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh agus ag an athbhreithniú ar an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, a luaithe a thiocfadh siad i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tá gá le húdarú ón gComhairle chun teacht ar chomhaontú maidir le toradh na caibidlíochta sin má tá an toradh i gcomhréir le seasamh an Aontais.

Leis an gCinneadh seo, ba cheart Cinneadh 12102/22 ón gComhairle roimhe seo, cinneadh a ghlac an Chomhairle roimh an 9ú seisiún den Chomhlacht Rialaithe in 2022, a aisghairm freisin, ós rud é nach gcumhdaítear leis ach síneadh a chur le hIarscríbhinn I ach nach gcumhdaítear leis na gnéithe eile atá le plé ag an 11ú seisiún den Chomhlacht Rialaithe atá ar na bacáin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an gConradh, cuirtear creat domhanda atá ceangailteach ó thaobh dlí ar fáil maidir le caomhnú inbhuanaithe acmhainní géiniteacha plandaí do bhia agus don talmhaíocht agus córas iltaobhach faoina bhfuil rochtain ag gach páirtí sa Chonradh ní hamháin ar na hacmhainní sin, ach lena bhféadfaidh siad na tairbhí a eascraíonn as a n-úsáid a chomhroinnt freisin. Is é is aidhm don togra feidhmiú an Chonartha a fheabhsú agus, dá bhrí sin, tá sé comhsheasmhach agus tacúil le beartais an Aontais i réimsí na talmhaíochta agus an chomhshaoil.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is é is aidhm don togra seo tacú le comhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as acmhainní géiniteacha plandaí a úsáid do bhia agus don talmhaíocht faoi chuimsiú an Chonartha. Ós rud é go n-úsáidtear na sochair a fhabhraítear chun tionscadail i dtíortha i mbéal forbartha a chistiú, tá an togra seo comhsheasmhach agus tacaíonn sé le beartas comhpháirtíochta agus forbartha idirnáisiúnta an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), déantar foráil maidir leis an gComhairle, ar thogra ón gCoimisiún, a bheith ag glacadh cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú.

Áirítear ar an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'.

Is comhlacht é an Comhlacht Rialaithe a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Conradh a ghlacadh ag Comhdháil FAO an 3 Samhain 2001 agus a tháinig i bhfeidhm an 29 Meitheamh 2004.

Tá an tAontas agus a Ballstáit de ina bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh.

Is é atá sa ghníomh atá beartaithe agus a iarrtar ar gComhlacht Rialaithe a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe Conarthacha faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 12.4, Airteagal 23 agus Airteagal 24.2 den Chonradh.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chonartha ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí á saothrú leis san am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan ceann amháin a bheith teagmhasach leis an gceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí áirithe a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

Saothraítear cuspóirí leis an ngníomh atá beartaithe agus tá comhpháirteanna ann a thagann faoi réimsí na talmhaíochta agus chosaint an chomhshaoil. Tá na cuspóirí agus na comhchodanna i ndlúthnasc doscartha le chéile gan ceann amháin a bheith teagmhasach le hais an ceann eile.

Dá bhrí sin, is iad Airteagal 43(2) agus Airteagal 192(1) de CFAE bunúis dlí shubstainteacha an chinneadh atáthar a bheartú.

Ba cheart Airteagal 43(2) agus Airteagal 192(1) de CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de CFAE, a bheith ina mbunúis dlí don chinneadh atáthar a bheartú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach

- **Comhréireacht**

Neamhbhainteach

- **An rogha ionstraime**

I gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE, is í an ionstraim a roghnaíodh an t-aon ionstraim amháin is féidir a úsáid chun cuspóir an togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Féach thíos.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra bunaithe ar an téacs caibidlíochta a mheasfar lena ghlacadh ag an 11ú seisiún den Chomhlacht Rialaithe i mí na Samhna 2025. Ba í an 'Mheitheal Oscailte *Ad Hoc* chun Feidhmiú an Chórais Iltaobhaigh a Fheabhsú' arna bhunú ag Comhlacht Rialaithe an Chonartha a d'ullmhaigh an téacs. Bhí próiseas atriallach mar chuid d'obair an Ghrúpa sin, inar cuireadh téacs ar fáil i gcruinnithe den Ghrúpa, inar cuireadh ar fáil go poiblí é agus ina ndearnadh athruithe air ar bhonn barúlacha. Bhí deis ag saineolaithe agus páirtithe leasmhara ó gach tír is Páirtithe Conarthacha sa Chonradh páirt a ghlacadh sa phróiseas sin.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Níl tionchar ag an togra ar chearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In Airteagal 1, mínítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcaibidlíocht le linn an 11ú seisiún (nó seisiúin ina dhiaidh sin) de Chomhlacht Rialaithe an Chonartha a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh agus le Comhaontú Caighdeánach athbhreithnithe maidir le hAistriú Ábhar a ghlacadh.

In Airteagal 2, mínítear na coinníollacha faoina bhféadfaidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais imeacht ó ábhar an Chinnidh seo ón gComhairle.

Le hAirteagal 3, aisghairtear an Cinneadh roimhe seo ón gComhairle maidir leis an ábhar céanna.

In Airteagal 4, leagtar síos dáta éaga an Chinnidh seo ón gComhairle.

In Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II, tugtar tuilleadh sonraí maidir leis an seasamh a luaitear faoi Airteagal 1.

In Iarscríbhinn III, tugtar tuilleadh sonraí maidir leis na coinníollacha a luaitear faoi Airteagal 2.

2025/0305 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhlacht Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a mhéid a bhaineann le tograí áirithe arna gcur isteach lena nglacadh le linn an 11ú seisiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) agus Airteagal 192(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh an Conradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (‘an Conradh’) i gcrích thar ceann an Aontais trí bhíthin Chinneadh 2004/869/CE ón gComhairle(1) agus tháinig sé i bhfeidhm an 29 Meitheamh 2004.

(2) De bhun Airteagal 23 agus Airteagal 24.2 den Chonradh, tá sé de cheart ag an gComhlacht Rialaithe arna bhunú leis an gConradh (‘an Comhlacht Rialaithe’) leasuithe ar an gConradh agus ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis a ghlacadh.

(3) Le linn an 11ú seisiún a bheidh aige ón 24 go dtí an 29 Samhain 2025, déanfaidh an Comhlacht Rialaithe cinneadh i ndáil le togra le haghaidh leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh a scrúdú agus d’fhéadfadh sé go nglacfadh sé é, arb é is aidhm dó acmhainní géiniteacha plandaí eile do bhia agus don talmhaíocht a chumhdach, seachas iad siúd atá san Iarscríbhinn sin faoi láthair. Tá na hacmhainní géiniteacha plandaí a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh cumhdaithe ag an gcóras iltaobhach maidir le rochtain agus comhroinnt sochar (‘an Córas Iltaobhach’), córas a bunaíodh faoin gConradh sin.

(4) Déanfaidh an Comhlacht Rialaithe scrúdú ar an togra le haghaidh leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh laistigh de phacáiste beart lena n-áireofar freisin togra le haghaidh athbhreithniú ar an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar , an conradh caighdeánach lena rialaítear malartú ábhair faoin gCóras Iltaobhach.

(5) Ba í an Mheitheal Oscailte *Ad Hoc* chun Feidhmiú an Chórais Iltaobhaigh a Fheabhsú arna bhunú ag Comhlacht Rialaithe an Chonartha chun na críche sin a d’ullmhaigh an pacáiste beart sin. Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh agus leis an athbhreithniú ar an

(1) Cinneadh 2004/869/CE ón gComhairle an 24 Feabhra 2004 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (IO L 378, 23.12.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2004/869/oj).

gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, toisc go meastar go rannchuideoidh siad sin le príomhchuspóirí an Chonartha a bhaint amach.

(6) Beidh an cinneadh ón gComhlacht Rialaithe maidir leis na leasuithe ar an Iarscríbhinn chun acmhainní géiniteacha plandaí breise le haghaidh bia agus talmhaíochta a chumhdach agus an t-athbhreithniú ar gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar ceangailteach ar an Aontas a luaithe a ghlacfar leis, agus a luaithe a bheidh sé daingnithe, glactha nó ceadaithe ag dá thrian de na Páirtithe Conarthacha. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhlacht Rialaithe ag an 11ú seisiún dá chuid a bhunú, nó ag aon seisiún ina dhiaidh sin a bheidh ar siúl le linn thréimhse bhailíochta an Chinnidh seo, mura dtiocfar ar chomhaontú ag an 11ú seisiún dá chuid.

(7) Ní bheadh aon athrú ar dhlí an Aontais de dhíth leis na leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh agus leis an athbhreithniú ar an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar.

(8) Chun go mbeidh an tsolúbthacht is gá ann le linn na caibidlíochta le linn an 11ú seisiún den Chomhlacht Rialaithe, nó in aon seisiún ina dhiaidh sin mura dtiocfar ar chomhaontú ag an aonú seisiún déag seo, ba cheart a údarú don Aontas teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an gCinneadh seo a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh atá le glacadh ag an gComhlacht Rialaithe maidir leis na leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh, agus maidir leis an athbhreithniú ar an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, ar choinníoll nach n-athróidh na hathruithe sin substaint an Chinnidh seo.

(9) Ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ar feadh tréimhse theoranta ama, agus ina dhiaidh sin, i gcás nár glacadh an leasú ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gConradh agus an t-athbhreithniú ar an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an Chinnidh seo agus a mholadh cibé acu a chuirfear síneadh lena chur i bhfeidhm nó nach gcuirfear nó a dhéanfar é a leasú nó a aisghairm ar bhealach eile nó nach ndéanfar.

(10) Cinneadh 12102/22 ón gComhairle roimhe seo lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhlacht Rialaithe an Chonartha, ba cheart é a aisghairm, ós rud é nach léirítear ann na forbairtí sa Mheitheal Oscailte *Ad Hoc* chun Feidhmiú an Chórais Iltaobhaigh a Fheabhsú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 11ú seisiún de Chomhlacht Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht ('an Conradh') a thionólfar ón 24 go dtí an 29 Samhain 2025, nó in aon seisiún ina dhiaidh sin mura dtagtar ar chomhaontú ag an 11ú seisiún, a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh sin a bhaineann le leathnú an chumhdaigh faoin gCóras Iltaobhach Rochtana agus Comhroinnte Tairbhí agus le Comhaontú Caighdeánach athbhreithnithe maidir le hAistriú Ábhar a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtleasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh agus ar an dréacht-Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar athbhreithnithe a leagtar amach faoi seach in Iarscríbhinní I agus II.

2. Beidh córas na n-íocaíochtaí éigeantacha arna bhunú leis an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar athbhreithnithe faoi réir coinníollacha a bhaineann le teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh.

*Airteagal 2*

I gcás inar dócha go ndéanfar difear don seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 le faisnéis eolaíoch nó theicniúil nua a chuirfear isteach roimh an 11ú seisiún den Chomhlacht Rialaithe nó lena linn, nó in aon seisiún ina dhiaidh sin mura dtiocfar ar chomhaontú ag an 11ú seisiún, nó i gcás inar gá don Aontas dul i mbun tuilleadh caibidlíochta ag an seisiún sin, féadfaidh seasamh an Aontais a bheith faoi réir mionathruithe teicniúla a bheidh le comhaontú ar an láthair, agus na prionsabail a leagtar síos in Iarscríbhinn III á n-urramú.

*Airteagal 3*

Aisghairtear Cinneadh 12102/22 ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhlacht Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh sin.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

*Airteagal 5*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2029.

*Airteagal 6*

Is chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[...]*